Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**5490/24**
**ADD 1**

**JAI 71**
**FRONT 32**
**MIGR 13**
**IXIM 35**
**SCH-EVAL 23**
**FREMP 57**
**COMIX 54**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Feabhra 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 75 final ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, lena n-áirítear athbhreithniú ar an mBuanchór |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 75 final ANNEX.

---

Faoi iamh: COM(2024) 75 final ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.2.2024
COM(2024) 75 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann leis an***

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, lena n-áirítear athbhreithniú ar an mBuanchór**

{SWD(2024) 75 final}

## Iarscríbhinn I

## Plean gníomhaíochta chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach (EBCG)

Cé gur léiríodh leis an meastóireacht ar Rialachán EBCG agus leis an athbhreithniú ar an mBuanchór gur soláthraíodh toradh maith leis an Rialachán ó thaobh ábharthachta, comhleanúnachais agus breisluach AE, nochtadh leo freisin roinnt easnamh ina chur chun feidhme ar gá aghaidh a thabhairt orthu go leanúnach.

Tá cur chun feidhme an Rialacháin ar bun; dá bhrí sin, leis an bplean gníomhaíochta seo liostaítear na bearnaí cur chun feidhme is tábhachtaí a sainaithníodh le linn na meastóireachta nach mór aghaidh a thabhairt orthu sa phróiseas, chomh maith leis an mbealach ar aghaidh agus na gníomhaithe freagracha. Tá an plean gníomhaíochta gan dochar do chur chun feidhme chúraimí na Gníomhaireachta faoi Rialachán EBCG agus cinntí ábhartha de chuid an Bhoird Bainistíochta (e.g. Straitéis TFC). Ina ionad sin, le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin, i dteannta chúraimí eile na Gníomhaireachta, ba cheart a chumasú éifeachtacht iomlán an Rialacháin a bhaint amach faoi 2027.

### *Rialachas agus struchtúr eagrúcháin na Gníomhaireachta*

| **Fadhb** | **Gníomhaíochtaí** | **An gníomhaí freagrach** |
|---|---|---|
| 1. Níl struchtúr eagrúcháin na Gníomhaireachta iomlán ailínithe go fóill lena sainordú, go háirithe a mhéid a bhaineann le bainistíocht a dhéanamh ar an mBuanchór. | 1.1 Cur chun feidhme iomlán an struchtúir eagrúcháin nua, lena n- áirítear foireann an Bhuanchóir a chéimniú amach ó cheanncheathrú na Gníomhaireachta. | Frontex |

### *Oibríochtaí*

| **Fadhb** | **Gníomhaíochtaí** | **An gníomhaí freagrach** |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| 2. Tá timthriall pleanála oibríochtúil na Gníomhaireachta anásta agus mall, ní hamhlaidh a léirítear i gcónaí le himscaradh na riachtanais oibríochtúla athraitheacha ag cuid den teorainn. | 2.1 Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bheartú tosaíochta imscartha sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma ag codanna den teorainn agus na measúnuithe gaolmhara ar riachtanais chun feabhas a chur ar imscaradh a phleanáil. | Frontex |
| | 2.2 Coincheap oibríochtúil an Bhuanchóir a fhorbairt agus a rolladh amach chun feabhas a chur ar éifeachtacht an imscartha agus chun leithdháileadh acmhainní a dhéanamh níos solúbtha. | Frontex |
| | 2.3 Pleanáil oibríochtúil a bhunú go príomha ar anailís riosca agus measúnú leochaileachta a thugtar cothrom le dáta go seasta agus a ngabhann táscairí feidhmíochta iomchuí leo chun tacú le cinnteoireacht oibríochtúil. | Frontex |
| | 2.4 Bunaithe ar phróiseas pleanála comhtháite, pleananna oibríochtúla agus teagmhais a fhorbairt agus a rolladh amach lena n- áirithítear comhoiriúnacht agus solúbthacht chun oibríochtaí comhpháirteacha a óstáil. | Na Ballstáit<br>Tíortha Comhlachaithe Schengen (SAC) |
| 3. Tá struchtúir ceannais agus rialaithe chasta agus neamhéifeachtúil ag an mBuanchór, lena n- áirítear línte tuairiscithe iomadúla lena dteorannaítear a éifeachtacht oibríochtúil. | 3.1 Struchtúr slabhra ceannais nua a fhorbairt agus a rolladh amach lena gcruthaítear línte tuairiscithe soiléire agus lena gcuirtear ar a chumas don Bhuanchór cinntí a dhéanamh agus a chur chun feidhme go tapa. | Frontex |
| | 3.2 Róil agus cainéil chumarsáide shoiléire a bhunú idir ceanncheathrú na Gníomhaireachta agus an fhoireann imscartha. | Frontex |
| 4. Le saincheisteanna praiticiúla agus lóistíochta áirithe (e.g. iompar airm, úsáid soilse gorma, cíosanna cairr agus lóistín) cruthaítear deacrachtaí nach beag le haghaidh fhoireann imscartha an Bhuanchóir agus le haghaidh úsáid trealaimh theicniúil (e.g. | 4.1 An liosta de shaincheisteanna praiticiúla agus lóistíochta sna Ballstáit/SAC a shainaithint lena gcuirtear bac ar imscaradh an Bhuanchóir agus trealaimh. | Frontex |
| | 4.2 Más gá, reachtaíocht náisiúnta a leasú chun cur chun feidhme iomlán agus éifeachtach Rialachán EBCG a chumasú sa réimse sin. | Na Ballstáit/SAC |
| | 4.3 Inniúlacht a bhunú agus próisis a fhorbairt chun tacaíocht lóistíochta agus theicniúil a sholáthar don Bhuanchór agus don trealamh teicniúil a imscartar ag na teorainneacha seachtracha, e.g. trí oifigí allamuigh a chur ar bun. | Frontex |

| | | |
|---|---|---|
| feithiclí Frontex a aithint, clárú, cothabháil). | | |
| 5. Níl rochtain ag foireann imscartha an Bhuanchóir ar bhunachair sonraí Eorpacha (e.g. SIS) ná náisiúnta i bhformhór na mBallstát óstach, rud a theorannaíonn éifeachtacht an imscartha go mór (e.g. éagumas seiceáil teorann a dhéanamh). | 5.1 Rochtain ar SIS a thabhairt d'fhoireann an Bhuanchóir ionas gur féidir leo obair céad líne a dhéanamh. | Frontex |
| | 5.2 Bacainní sa reachtaíocht náisiúnta, nó ar de chineál teicniúil nó riaracháin iad, a athbhreithniú agus a dhíchur, ar bacainní iad lena gcuirtear cosc ar an mBuanchór rochtain a fháil ar na bunachair sonraí náisiúnta lena bhfuil gá chun a chúraimí a dhéanamh, mar a shainmhínítear i Rialachán EBCG agus sna pleananna oibríochtúla. | Na Ballstáit/SAC |

***Filleadh***

| Fadhb | Gníomhaíochtaí | An gníomhaí freagrach |
|---|---|---|
| 6. I bhfianaise shainordú leathnaithe na Gníomhaireachta maidir le filleadh, ní sholáthraíonn an Bord Bainistíochta stiúir straitéiseach ná bearta leantacha leordhóthanacha maidir le hobair an Chruinnithe Comhchéime Ardleibhéil maidir le Filleadh. Faoi láthair, níl míreanna ar chlár oibre an Bhoird Bainistíochta maidir le filleadh dírithe ach ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a thuairisciú. | 6.1 Athbhreithniú ar chomhaltaí agus ar chomhaltaí malartacha an Bhoird Bainistíochta. | Na Ballstáit/SAC |
| | 6.2 A áirithiú go mbeidh pléití straitéiseacha maidir le filleadh sceidealaithe go tráthrialta le haghaidh chruinnithe an Bhoird Bainistíochta. | Bord Bainistíochta |
| | 6.3 Uainiú agus minicíocht na gCruinnithe Comhchéime Ardleibhéil maidir le Filleadh, chomh maith le huainiú agus minicíocht cruinnithe teicniúla, a choigeartú, chun ullmhú éifeachtach na bpléití straitéiseacha ag cruinnithe an Bhoird Bainistíochta a chumasú agus chun bearta leantacha éifeachtacha a chumasú maidir leis na pléití sin freisin. | Frontex<br>An Coimisiún Eorpach<br>Na Ballstáit/SAC |

| | | |
|---|---|---|
| 7. Tá comhar neamh- leordhóthanach ann idir an Coimisiún Eorpach agus an Ghníomhaireacht i gcomhthéacs tacaíocht oibríochtúil a eagrú maidir le filleadh. | 7.1 Comhordú réamhtheachtach tráthrialta maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla agus roghanna ó thaobh rannpháirtíocht le tríú tíortha agus sna tíortha sin chun a áirithiú go rannchuidíonn tacaíocht oibríochtúil na Gníomhaireachta ó thaobh tosaíochtaí an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear an treochlár maidir le gníomhaíochtaí spriocdhírithe um fhilleadh a stiúrann an Comhordaitheoir um Fhilleadh agus Airteagal 25a den Chód Víosaí. Cruinnithe tráthrialta a chun a áirithiú go n-oibríonn an Ghníomhaireacht ar bhonn na faisnéise is déanaí maidir le rannpháirtíocht leis na Ballstáit agus le tríú tíortha. | Frontex<br>An Coimisiún Eorpach |
| 8. Inniúlachtaí i réimse an fhillidh, is minic a bhíonn siad scaipthe ar fud údaráis náisiúnta éagsúla sna Ballstáit. Ní i gcónaí gur gan uaim a bhíonn an chumarsáid leis na húdaráis náisiúnta atá freagrach as filleadh tríd an bPointe Fócasach Náisiúnta Teagmhála (NFPOC). | 8.1 Comhar iomchuí agus sreabh faisnéise a chumasú idir NFPOC agus na húdaráis náisiúnta atá freagrach as filleadh. | Na Ballstáit/SAC |
| | 8.2 Rialachas bainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip a neartú trí na húdaráis náisiúnta uile atá freagrach as filleadh a thabhairt le chéile i bhfóram náisiúnta iomchuí agus pointí teagmhála sonracha a cheapadh le haghaidh filleadh ionas go gcumasófar ionadaíocht seasaimh náisiúnta aonair ag cruinnithe ar leibhéal an Aontais. | Na Ballstáit/SAC |
| 9. Is é a thagann as tuiscint éagsúil ar phríomhchoincheapa a bhaineann le filleadh (e.g. filleadh deonach, imeacht deonach) tuairimí éagsúla maidir le raon feidhme thacaíocht Frontex. | 9.1 Pléití tiomnaithe sa Chruinniú Comhchéime Ardleibhéil maidir le Filleadh i ndáil le raon feidhme sheirbhísí na Gníomhaireachta chun tacú le filleadh d'fhonn éagsúlachtaí a laghdú agus cur i bhfeidhm oibríochtúil shainchúram na Gníomhaireachta a éascú i réimse an fhillidh. | Frontex<br>An Coimisiún Eorpach<br>Na Ballstáit/SAC |
| 10. Tá díorma na ndaoine den lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach neamh- leordhóthanach chun faireachán a dhéanamh ar na hoibríochtaí ábhartha uile um fhilleadh. | 10.1 Líon agus infhaighteacht dhíorma na ndaoine den lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach a mhéadú chun faireachán ar na hoibríochtaí ábhartha uile a chumasú. | Frontex<br>Na Ballstáit/SAC |

*Feasacht staide*

| Fadhb | Gníomhaíochtaí | An gníomhaí freagrach |
|---|---|---|
| 11. An léiriú staide ag teorainneacha seachtracha an Aontais a sholáthraíonn EUROSUR, níl sé go hiomlán cruinn, iomlán ná cothrom le dáta. Is é is cúis leis sin go páirteach leibhéal athraitheach an chomhair, na gcleachtas tuairiscithe agus comhtháthaithe cumas nua arna ndéanamh ag na húdaráis náisiúnta. | 11.1 An fhaisnéis agus na ceanglais cháilíochta a ailíniú agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht chun go n- áirithítear go soláthróidh údaráis náisiúnta faisnéis iomlán agus inchomparáide faoina gcodanna den teorainn sheachtrach. | Frontex<br>Na Ballstáit/SAC |
| 12. Ardchostais agus breisluach teoranta le líonra cumarsáide EUROSUR a uasghrádú chuig an leibhéal aicmiúcháin CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL, dá ndéantar foráil i Rialachán EBCG. | 12.1 Na riachtanais iarbhír a shainaithint, ó thaobh chineál agus scála na faisnéise atá le malartú, chun an malartú faisnéise a uasghrádú in EUROSUR, agus i gcórais malartaithe faisnéise rúnaicmithe eile de chuid an Aontais, suas go dtí an leibhéal aicmiúcháin CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL. | Frontex<br>Na Ballstáit/SAC |
| | 12.2 Réitigh a fhorbairt agus treochlár a chur chun feidhme lena gcumasaítear malartú faisnéise suas go dtí an leibhéal aicmiúcháin CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus infheistíocht airgeadais agus lóistíochta níos teoranta ann. | Frontex |
| 13. Le hanailís riosca ní chumhdaítear filleadh ná faisnéis maidir le tríú tíortha, d'ainneoin gur | 13.1 Táscairí agus riachtanais sonraí a fhorbairt lena gcuirtear ar a cumas don Ghníomhaireacht a hanailís riosca a dhéanamh maidir le filleadh agus sreabha imirce ó thríú tíortha. | Frontex<br>Na Ballstáit/SAC |

| | | |
|---|---|---|
| príomh- chomhpháirteanna iad den bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip. | 13.2 Faireachán a dhéanamh go tráthrialta ar chomhleanúnachas na faisnéise maidir le filleadh agus sreabha imirce ó thríú tíortha, rud atá le fáil ag Frontex, le staidreamh Eorpach oifigiúil. Oibriú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach (Eurostat) chun feabhas a chur ar chomhleanúnachas sonraí i gcás inar ann do dhifríochtaí. | Frontex<br>Na Ballstáit/SAC<br>An Coimisiún Eorpach |
| 14. Ní úsáidtear sonraí measúnaithe leochaileachta go hiomlán i dtáirgí anailíse riosca, d'ainneoin gur príomhionstraimí iad chun leochaileachtaí féideartha a shainaithint ag teorainneacha seachtracha an Aontais, agus cruinneas na hanailíse riosca á laghdú leis sin. | 14.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar na bacainní le húsáid a bhaint as na sonraí measúnaithe leochaileachta in anailís riosca agus na bacainní sin a bhaint, lena n- áirítear an t- athbhreithniú ar na modheolaíochtaí agus na ceanglais rúndachta faoi seach. | Frontex<br>Na Ballstáit/SAC |
| 15. An sásra chun moltaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin chuig na Ballstáit a fhorfheidhmiú, ar bhonn measúnuithe leochaileachta, ní bhaintear leas iomlán as, cé go mbaineann na moltaí sin le leochaileachtaí tromchúiseacha ag na teorainneacha seachtracha a bhfuil riosca ag baint leo don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip. | 15.1 Cinntí níos tapa maidir le moltaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin chuig na Ballstáit chun leochaileachtaí a dhíchur ar bhealach níos éifeachtaí ag teorainneacha seachtracha an Aontais. | Bord Bainistíochta |

***Bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip***

| Fadhb | Gníomhaíochtaí | An gníomhaí freagrach |
|---|---|---|
| 16. Tá cur chun feidhme rathúil an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip ag brath go mór ar chur chun feidhme éifeachtach agus ailínithe thimthriall beartais ilbhliantúil an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip sna straitéisí náisiúnta le haghaidh an bhainistithe sin, rudaí atá fós á n- oiriúnú. | 16.1 Na straitéisí náisiúnta le haghaidh an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip a ailíniú leis na ceanglais maidir lena 15 chomhpháirt a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir le beartas straitéiseach ilbhliantúil an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip agus na Straitéise Teicniúla agus Oibríochtúla le haghaidh an bhainistithe sin. | Na Ballstáit/SAC |

*Forbairt cumais*

| Fadhb | Gníomhaíochtaí | An gníomhaí freagrach |
|---|---|---|
| 17. Easpa tuairim straitéiseach fhadtéarmach agus intuarthachta maidir le príomhinfheistíochtaí i gcumais, amhail earcaíocht, oiliúint, trealamh teicniúil agus taighde agus forbairt, ag an nGníomhaireacht agus sna Ballstáit. | 17.1 An treochlár cumais a fhorbairt agus nuashonruithe bliantúla a sholáthar don Bhord Bainistíochta maidir lena chur chun feidhme chun go ndéanfar an próiseas pleanála comhtháite a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thuilleadh le haghaidh an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip. | Frontex |
| | 17.2 Na pleananna forbartha cumais náisiúnta a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta, i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta le haghaidh an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip, lena n- áirítear teacht chun cinn meánach go fadtéarmach na gcumas daonna agus teicniúla náisiúnta le haghaidh bainistiú teorainneacha agus filleadh. | Na Ballstáit/SAC |

| | | |
|---|---|---|
| 18. Tá cur chun feidhme straitéis éadála na Gníomhaireachta tite ar gcúl an sceidil ag a bhfuil tionchar diúltach ar chumas na Gníomhaireachta na hacmhainní airgeadais atá ar fáil le haghaidh trealamh teicniúil faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil a ionsú agus dá réir sin ar chuspóirí Rialachán EBCG a bhaint amach. | 18.1 Príomh-  gharspriocanna a bhunú agus a urramú chun trealamh teicniúil a éadáil nó a léasú. | Frontex |
| | 18.2 Athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm praiticiúil na rialacha maidir le soláthar poiblí sa Ghníomhaireacht chun na fadhbanna a shainaithint agus, i gcás inar féidir, chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin, ar fadhbanna iad as a dtagann líon ard soláthairtí neamhrathúla. | Frontex |
| | 18.3 Struchtúr rialachais a sholáthar lena gcuirtear ar a chumas don Bhord Bainistíochta agus do na Ballstáit faireachán dlúth a dhéanamh ar dhul chun cinn na Gníomhaireachta maidir leis an bplean cur chun feidhme. | Frontex<br>Bord Bainistíochta |
| 19. Riachtanais na mBallstát le haghaidh thacaíocht na Gníomhaireachta le trealamh teicniúil, go háirithe le trealamh mórscála, is amhlaidh a sháraíonn siad go mór an Comhthiomsú de Threalamh Teicniúil atá ar fáil don Ghníomhaireacht; is mór an tionchar diúltach atá aige sin ar chumas na Gníomhaireachta na riachtanais oibríochtúla a chomhlíonadh ag teorainneacha seachtracha an Aontais. | 19.1 Feabhas a chur ar phleanáil fhadtéarmach agus gealltanas na mBallstát a áirithiú chun rannchuidiú leis an gComhthiomsú de Threalamh Teicniúil chun go gcumasaítear imscaradh tapa lena léirítear riachtanais oibríochtúla iarbhír. | Frontex |
| | 19.2 Rannchuidiú leis an gComhthiomsú de Threalamh Teicniúil i gcomhréir leis na hoibleagáidí dlíthiúla a leagtar amach i Rialachán EBCG. | Na Ballstáit/SAC |

***Comhar***

| Fadhb | Gníomhaíochtaí | An gníomhaí freagrach |
|---|---|---|
| 20. Le blianta beaga anuas, thug an Ghníomhaireacht roinnt socruithe oibre i gcrích le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais nó d'athnuaigh sí iad. Mar sin féin, tá príomhghnéithe áirithe dá comhar (go háirithe le Europol) bunaithe ar shocruithe a bhí ann roimh Rialachán EBCG agus dá bhrí sin níl siad ailínithe leis. | 20.1 Socruithe oibre a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, a athchaibidliú chun iad a ailíniú le ceanglais Rialachán EBCG chun comhar oibríochtúil éifeachtach a áirithiú, lena n- áirítear malartú faisnéise. | Frontex<br>Bord Bainistíochta |
| | 20.2 Socrú oibre athnuaite a thabhairt i gcrích idir Europol agus Frontex chun *inter alia* an t- aistriú sonraí a éascú chun críoch an chomhraic in aghaidh smuigleáil imirceach. | Frontex<br>Europol |
| 21. Ní bhaintear leas iomlán as sineirgí le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais i gcomhar le tríú tíortha maidir le dul i ngleic le himirce neamhrialta agus coireacht trasteorann ghaolmhar, go háirithe smuigleáil imirceach. | 21.1 Comhar níos dlúithe a fhorbairt le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais laistigh de theorainneacha shainorduithe dlí na ngníomhaireachtaí d'fhonn úsáid acmhainní, faisnéise agus saineolais a bharrfheabhsú chun dlús a chur le comhar le tríú tíortha chun dul i ngleic le himirce neamhrialta agus coireacht trasteorann ghaolmhar. | Frontex<br>Europol<br>Eurojust |
| 22. Tá socruithe oibre ag an nGníomhaireacht le roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n- áirítear cinn áirithe a bhí ann roimh Rialachán EBCG agus nach liostaítear ann. | 22.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe oibre atá ann cheana le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus iad a ailíniú le Rialachán EBCG. | Frontex<br>Bord Bainistíochta |

| | | |
|---|---|---|
| 23. Le comhaontuithe stádais cumasaítear imscaradh Frontex i dtríú tíortha d'fhonn a gcosaint teorann seachtraí a neartú. Mar sin féin, níor tugadh comhaontuithe stádais i gcrích fós le tíortha tábhachtacha tionscnaimh ná idirthurais imirce i dtreo an Aontais. | 23.1 Iarrachtaí a threisiú chun comhaontuithe stádais a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích le tríú tíortha tosaíochta, i gcomhréir le caidreamh foriomlán an Aontais leis na tíortha sin, chun imscaradh an Bhuanchóir agus trealaimh theicniúil a chumasú i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla. | An Coimisiún Eorpach |
| 24. Ní raibh an Ghníomhaireacht in ann aon socrú oibre nua a thabhairt i gcrích le tríú tíortha faoi Rialachán EBCB, ós rud é gur mheas an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí go raibh na forálacha maidir le cosaint sonraí pearsanta neamh- leordhóthanach i socrú oibre samhla an Choimisiúin. | 24.1 An socrú oibre samhla a thabhairt cothrom le dáta trí fhorálacha a áireamh lena n- áirithítear cosaint sonraí pearsanta i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme de chuid an Aontais. | An Coimisiún Eorpach |
| | 24.2 Iarrachtaí a threisiú chun socruithe oibre a thabhairt i gcrích le tríú tíortha, lena n- áirítear forálacha leordhóthanacha maidir le cosaint sonraí pearsanta. | Frontex<br>Bord Bainistíochta |

***Cearta bunúsacha***

| Fadhb | Gníomhaíochtaí | An gníomhaí freagrach |
|---|---|---|
| 25. Níor cuireadh Straitéis na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha chun feidhme go hiomlán fós. | 25.1 Na comhpháirteanna uile de phlean gníomhaíochta na Straitéise um Chearta Bunúsacha a chur chun feidhme ar fud ghníomhaíochtaí uile na Gníomhaireachta agus EBCG ar an iomlán, mar is infheidhme. | Frontex<br>Na Ballstáit/SAC |
| | 25.2 Tuairisciú don Bhord Bainistíochta go tráthrialta maidir le dul chun cinn an chur chun feidhme agus maidir lena mheastóireacht don Bhord Bainistíochta. | Frontex |

| | | |
|---|---|---|
| 26. Cé gur féidir leis an Oifigeach um Chearta Bunúsacha (FRO) imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais a tharlaíonn le linn oibríochtaí ina nglacann an Ghníomhaireacht páirt, maidir le sáruithe ceart bunúsach arna ndéanamh ag foireann na mBallstát ní féidir ach le húdaráis náisiúnta bearta leantacha a dhéanamh maidir leo agus pionós a ghearradh ina leith ar deireadh. Tá taithí mheasctha ann sna Ballstáit a mhéid a bhaineann le héifeachtacht na mbeart leantach maidir le tuarascálacha an Oifigigh um Chearta Bunúsacha agus comhar leis an Oifigeach um Chearta Bunúsacha. | 26.1 Athbhreithniú a dhéanamh agus, i gcás inar gá, neartú a dhéanamh ar éifeachtacht, neamhspleáchas agus tráthúlacht na n- imscrúduithe ar sháruithe ceart bunúsach féideartha arna ndéanamh ag foireann údaráis náisiúnta na mBallstát, lena n- áirítear trí nósanna imeachta soiléire agus trédhearcacha a fhorbairt. | Na Ballstáit/SAC |
| | 26.2 A áirithiú go sonraítear leis na pleananna oibríochtúla uile nósanna imeachta agus amlínte soiléire chun dul i gcomhar le himscrúduithe an Oifigigh um Chearta Bunúsacha arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht agus údaráis an Bhallstáit óstaigh. | Frontex<br>Na Ballstáit/SAC |
| 27. Tá ról ríthábhachtach ag an lucht faireacháin ar chearta bunúsacha (FRManna) maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht na gceart bunúsach le gníomhaíochtaí oibríochtúla. Mar sin féin, i mBallstáit áirithe coisctear orthu limistéir oibríochtúla áirithe a rochtain lena sriantar a gcumas chun a gcúraimí a | 27.1 A áirithiú go ráthaítear leis na pleananna oibríochtúla uile rochtain FRManna ar limistéir oibríochtúla, lena n- áirítear limistéir phatróil agus glacadh cuntais mar a cheanglaítear le Rialachán EBCG. | Frontex |
| | 27.2 Rochtain FRManna ar na limistéir oibríochtúla uile a chumasú, mar a cheanglaítear le Rialachán EBCG. | Na Ballstáit/SAC |

| | | |
|---|---|---|
| chumhdaítear i Rialachán EBCG a dhéanamh. | | |
| 28. Thairbheodh an sásra gearán agus an sásra um Thuairisciú i leith Teagmhas Tromchúiseach (SIR) de thuairisciú a éascú ar bhealach níos fearr, cosaint le haghaidh na ndaoine sin a chuireann tuarascálacha isteach agus feasacht fheabhsaithe ar an sásra. | 28.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar an sásra gearán agus sásra SIR, feabhsuithe a shainaithint agus a ghlacadh lena n- éascaítear rochtain le haghaidh gearánaigh fhéideartha, lena n- áirítear leanaí agus daoine leochaileacha, agus lena mbaintear na bacainní roimh thuairisciú atá fágtha. | Frontex |
| 29. An sásra in Airteagal 46, níl sé sainráite maidir leis na bearta nós imeachta ar gá don Ghníomhaireacht iad a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe tromchúiseacha nó marthanacha ar chearta bunúsacha sa Bhallstát óstach. | 29.1 A áirithiú go gceanglófar leis na pleananna oibríochtúla uile measúnú tráthrialta a dhéanamh ar na rioscaí ceart bunúsach atá bainteach le gach gníomhaíocht oibríochtúil Frontex, agus ar chomhlíontacht ceart bunúsach gach gníomhaíochta oibríochtúla Frontex, i gcomhréir le Rialachán EBCG. | Frontex |
| | 29.2 Bearta maolaitheacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcás ina meastar gur gá iad ar bhonn an mheasúnaithe arna dhéanamh ag an Oifigeach um Chearta Bunúsacha, chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní ábhartha uile maidir le cearta bunúsacha agus sáruithe ceart bunúsach a chosc i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí uile de chuid na Gníomhaireachta. | Frontex<br>Na Ballstáit/SAC |

***Cosaint sonraí pearsanta***

| **Fadhb** | **Gníomhaíochtaí** | **An gníomhaí freagrach** |
|---|---|---|
| 30. Tar éis moill fhada, beidh rialacha cur chun feidhme i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht, lena | 30.1 Cur chun feidhme tapa chinntí an Bhoird Bainistíochta maidir le próiseáil sonraí pearsanta i ngníomhaíochtaí uile na Gníomhaireachta a áirithiú agus tuarascálacha tráthrialta a sholáthar don Bhord Bainistíochta maidir leis an dul chun cinn a baineadh amach. An comhar dlúth leanúnach a áirithiú idir Oifigeach Cosanta Sonraí Frontex agus MECS. | Frontex |

| | | |
|---|---|---|
| mapálfar na gnéithe cosanta sonraí pearsanta dá gníomhaíochtaí uile agus arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sin. Mar sin féin, tá ríthábhacht le cur chun feidhme dian chinntí an Bhoird Bainistíochta chun a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais. | 30.2 Faireachán a dhéanamh ar staid na himeartha maidir le cur chun feidhme chinntí an Bhoird Bainistíochta maidir le próiseáil sonraí pearsanta. | Bord Bainistíochta |
| 31. Bhí oifig an Oifigigh Cosanta Sonraí (OCS) gann ar fhoireann ar feadh tréimhse fhada cé gur gá cosaint sonraí pearsanta a áirithiú i ngníomhaíochtaí uile na Gníomhaireachta, lena n- áirítear ar an talamh. | 31.1 Acmhainní daonna leordhóthanacha a chur ar fáil d'oifig OCS ionas gur féidir léi a cúraimí a dhíorthaíonn ó Rialachán EBCG a dhéanamh go héifeachtach. | Frontex |

***Buanchór***

| **Fadhb** | **Gníomhaíochtaí** | **An gníomhaí freagrach** |
|---|---|---|
| 32. Is amhlaidh nach measann na Ballstáit óstacha i gcónaí go bhfuil an oiliúint ar chatagóir 1 d'fhoireann an Bhuanchóir leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais | 32.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar choinníollacha earcaíochta chatagóir 1 d'fhoireann an Bhuanchóir agus measúnú idirmheánach ar dhul chun cinn comhaltaí foirne a áirithiú in am roimh dheireadh na tréimhse promhaidh. | Frontex |
| | 32.2 Na heasnaimh in oiliúint fhoireann chatagóir 1 a shainaithint agus, i gcás inar gá, na curaclaim oiliúna a thabhairt cothrom le dáta. | Frontex<br>Na Ballstáit/SAC |

| | | |
|---|---|---|
| oibríochtúla i gcaitheamh an imscartha. | | |
| 33. Ní chomhghaolaíonn infhaighteacht catagóirí áirithe de phróifílí an Bhuanchóir leis na riachtanais imscartha iarbhír. Cé gur cuireadh feabhas ar an staid le himeacht ama, tá ardéileamh ar phróifílí sonracha agus tuairiscíonn Frontex bearnaí móra (e.g. láimhseálaithe madraí, saineolaithe doiciméad ardleibhéil). | 33.1 Oiliúint foirne ag a bhfuil próifílí speisialaithe a threisiú chun é a chur ar a chumas don Bhuanchór na riachtanais oibríochtúla a chomhlíonadh ag na teorainneacha seachtracha agus in idirghabhálacha um fhilleadh. | Frontex<br>Na Ballstáit/SAC |
| | 33.2 Oiliúint a threisiú chun a áirithiú go mbeidh próifílí iomadúla ag foireann chatagóir 1 chun solúbthacht imscartha a mhéadú. | Frontex |
| 34. Tá bearnaí fós ann idir an líon oifigeach chatagóirí 2 agus 3 den Bhuanchór a gceanglaítear ar Bhallstáit áirithe iad a thabhairt ar iasacht don Ghníomhaireacht nó a ainmniú chuici faoi Rialachán EBCG. Na Ballstáit sin nach gcomhlíonann an cuóta dlíthiúil cuireann siad cosc ar an nGníomhaireacht freagairt éifeachtach a thabhairt ar riachtanais oibríochtúla ag teorainneacha seachtracha an Aontais. | 34.1 Feabhas a chur ar phleanáil fhadtéarmach agus gealltanas na mBallstát a áirithiú chun rannchuidiú leis an mBuanchór chun imscaradh tapa a fhreagraíonn do riachtanais oibríochtúla iarbhír a chumasú. | Frontex |
| | 34.2 Rannchuidiú le catagóirí 2 agus 3 den Bhuanchór i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach le Rialachán EBCG. | Na Ballstáit/SAC |
| 35. Tá foireann chatagóir 1 den Bhuanchór faoi réir Rialacháin Foirne an Aontais, lena | 35.1 Na saincheisteanna ar gá aghaidh a thabhairt orthu a shonrú chun éifeachtacht imscaradh fhoireann chatagóir 1 den Bhuanchór a mhéadú, agus laistigh de theorainneacha na Rialachán Foirne agus Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, an | Frontex<br>Bord Bainistíochta |

| | | |
|---|---|---|
| n- áirítear maidir le ham oibre, sealobair, ragobair, cúltaca etc. Leis na srianta iarmhartacha cuirtear cosc orthu a bheith ina gcomhaltaí lánoibríochtúla d'fhoirne an gharda teorann ag na teorainneacha seachtracha agus cuirtear srian le luach oibríochtúil a imscartha chuig na Ballstáit. | fhéidearthacht a fhiosrú chun go nglacfar na cinntí is gá ón mBord Bainistíochta agus na gníomhartha tarmligthe is gá ón gCoimisiún maidir leis na riachtanas oibríochtúil ag na teorainneacha seachtracha. | An Coimisiún Eorpach |